Cuntas Leithreasa 2023

# Vóta 38

# Sláinte

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 38, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an Cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh san bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2023 ar thuarastail agus liúntais Oifig an Aire Sláinte agus ar sheirbhísí áirithe eile atá faoi riaradh na hOifige sin, lena n-áirítear deontais d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus deontais ilghnéitheacha.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2023, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain

Tá farasbarr €11.45 milliún faoi dhliteanas lena ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den Chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Ullmhaíodh an cuntas de réir na *Meastachán Athbhreithnithe Breise i gcomhair Seirbhísí Poiblí 2023* do Vóta 38 Sláinte.

***Feidhmeanna a aistriú***

Cuireadh san áireamh sna *Meastacháin Athbhreithnithe Bhreise* aistriú feidhmeanna riaracháin agus aireachta na sainseirbhísí míchumais a sholáthraíonn Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus soláthraithe sláinte speisialaithe eile arna maoiniú agus arna riar ag an Roinn Sláinte roimhe seo chuig an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (DCEDIY) le héifeacht ón 1 Márta 2023 (faoin Acht Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), 2022 agus I.R. Uimh. 688 de 2022).

Bhí na nithe seo a leanas i gceist leis an aistriú feidhmeanna sin;

- bainistiú seirbhísí sláinte do dhaoine faoi mhíchumas
- soláthar seirbhísí cúraim phobail do dhaoine faoi mhíchumas agus
- soláthar seirbhísí Foirne Líonra Míchumais Leanaí.

Maidir leis na feidhmeanna a aistríodh, aistríodh 39 post ón Roinn Sláinte go dtí an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige. Aistríodh maoiniú €2.647 billiún ó Vóta 38 Sláinte go Vóta 40 Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.

Ag teacht leis na socruithe cuntasaíochta atá leagtha amach ag Rannóg Cuntasaíochta an Rialtais sa Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, léiríonn na *Meastacháin Athbhreithnithe Bhreise* na feidhmeanna arna n-aistriú ar bhonn bliana iomlán. Is léiriú freisin an cuntas leithreasa, ar cuntas é nach mór dó foirm agus formáid an mheastacháin ábhartha a leanúint, ar an aistriú feidhmeanna thuas ar bhonn bliana iomlán.

# Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais chuntasaíochta chaighdeánacha agus na prionsabail chaighdeánacha chun cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh agus Athchóiriú an Phlean Forbartha Náisiúnta i gciorclán 22 de 2023, i bhfeidhm agus an cuntas á ullmhú cé is moite díobh seo a leanas.

***Íocaíochtaí chuig an FSS***

Cuirtear cistí ar aghaidh chuig FSS maidir le soláthar seirbhísí ar bhonn deontais, ar aon dul leis an maoiniú atá leagtha amach sa litir chinnidh bhliantúil a eisíonn FSS ina leagtar amach a leibhéal faofa caiteachais. Cúisíodh an tsuim iomlán a íocadh le FSS i gcoinne na bhfo-cheannteidil ábhartha. €21.845 billiún a bhí sa mhaoiniú deontais a íocadh le FSS in 2023 (2022: €23.269 billiún). Tá cuntas air seo thar 14 fhotheideal – gach fo-cheannteideal ó I go M.4, seachas fo-cheanntheideal M.1 a bhain le caiteachas caipitiúil gníomhaireachtaí faoi choimirce na Roinne seachas FSS.

# Ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

***Freagracht as córas rialaithe airgeadais inmheánaigh***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom féin agus do na hoibleagáidí eile atá orm mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú iomlán a sholáthar go ndéanfar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifead i gceart, agus go gcuirfear cosc ar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Is próiseas leanúnach é córas an rialaithe inmheánaigh airgeadais a choinneáil agus coinnítear athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

***Seirbhísí comhroinnte***

Soláthraíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (Vóta 18) feidhmeanna párolla agus acmhainní daonna ar bhonn seirbhísí comhroinnte.

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le soláthar seirbhísí comhroinnte (e.g. seirbhísí AD). Braithim ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go ndéantar na rialuithe iomchuí a chur i bhfeidhm chun seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Roinn seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Tá timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta agus sannadh an chuntasacht chomhfhreagrach.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.

- Tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm agus mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais á gcomhlíonadh agam.
- Rinneadh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Leanfaidh an Roinn ar aghaidh ag neartú na timpeallachta rialaithe ina bhfeidhmíonn sí in 2024.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Tá creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe,

- gp bhfuil córas cuí buiséadta ann ag a bhfuil buiséad bliantúil ar a ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú
- go ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a thugann feidhmíocht airgeadais le fios i leith na dtuartha
- go n-oibríonn córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- tá treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann.

***Soláthar***

Cinntíonn an Roinn go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas soláthair agus gach conradh á ndámhachtain agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha go léir.

Tá sonraí tugtha ag an Roinn maidir le deich conradh neamhiomaíoch sa tuairisceán bliantúil i ndáil le Ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

*Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair*

Chloígh an Roinn leis na treoirlínte seachas dhá chonradh (de bhreis ar €25,000), €92,558 san iomlán (gan  CBL san áireamh) in 2023 mar atá leagtha amach thíos:

- Bhain an figiúir €37,214 le conradh le haghaidh seirbhísí monatóireachta, cothabhála agus tacaíochta do bhonneagar crua-earraí agus líonra na Roinne a tairgeadh roimhe seo ach a sháraigh an tairseach ábhartha. Meastar go bhfuil an tseirbhís seo riachtanach chun an bonneagar TF a chothabháil. Rinne an Roinn cleachtadh soláthair chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais leanúnacha na seirbhíse seo agus tá conradh comhlíontach i bhfeidhm anois.
- Bhain suim €55,344 le seachadadh Straitéise athnuaite  r-Shláinte agus rinneadh an chuid is mó den chaiteachas seo de bhun mhionchomórtas faoi chreat de chuid na hOifige um Sholáthar Rialtais. Le linn an chonartha, sainaithníodh oibreacha breise a raibh caiteachas breise ag teastáil ina leith a raibh 39% os cionn na  tairsí luchtóige don chreat. Tugtar faoi deara go bhfuil glacadh leis seo faoi rialacháin an Aontais Eorpaigh maidir le soláthar poiblí  lena sonraítear nach rachaidh aon mhodhnú ar phraghas thar 50% de bhunluach an chonartha.

Áiríodh na conarthaí thuas sa tuairisceán bliantúil 40/2002 dá dtagraítear thuas.

Tá an Roinn tiomanta do dhul i ngleic le saincheist soláthair neamhchomhlíontacha agus tá sí ag leanúint ar aghaidh ag neartú a cuid beartas agus nósanna imeachta maidir le saincheisteanna soláthair. Cuirtear nuashonruithe rialta ar fáil do gach ball foirne maidir leis seo. Nuair is cuí, baineann an Roinn úsáid as creataí atá ar fáil go lárnach. Is tosaíocht iad feabhsuithe ar phróisis bhainistíochta conarthaí atá ann cheana féin agus tá cur i bhfeidhm leanúnach go hinmheánach. Leanann an Roinn ar aghaidh ag obair go dlúth leis an Oifig um Sholáthar Rialtais chun comhlíonadh a fheabhsú agus í ag tabhairt faoina gníomhaíochtaí soláthair.

***Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Dearbhaím go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn le pearsanra cuí-oilte, a oibríonn de réir Cairte scríofa atá faofa agam. Tá obair Aonad an Iniúchta Inmheánaigh bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a nochtar don Roinn agus tá a pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, a cheadaigh mé, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chuimsiú ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnta. Ina theannta sin, cuirtear seirbhísí iniúchóireachta inmheánaí i gcomhréir leis na *Caighdeáin Iniúchta Inmheánaigh do Ranna agus Oifigí Rialtais* (2018), arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe .

Deimhním go bhfuil Coiste Iniúchóireachta in situ ag an Roinn, agus gur fheidhmigh sé go sásúil i rith na bliana. Is féidir liom a dhearbhú gur oibrigh an Coiste Iniúchóireachta de réir cairte a d'fhaomh mé.

Déanann mé féin agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh agus tá sé faoi réir measúnú cáilíochta neamhspleách uair amháin ar a laghad gach 5 bliana. Ina theannta sin, tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agamsa chun a chinntiú go ndéantar bearta leantacha cuí maidir le tuarascálacha Iniúchta Inmheánaigh.

***Creat riosca agus rialaithe***

Déanann an Roinn maoirseacht ar bhainistíocht riosca trína hAonad Rialachais agus Riosca, aonad nua a bunaíodh i mí Eanáir 2023.

I rith 2023, rinne an Roinn feabhsuithe suntasacha ar a cumas bainistithe riosca. Athbhunaíodh an Coiste Riosca agus tháinig sé le chéile roinnt uaireanta i rith na bliana. Foilsíodh Creat nuashonraithe Bainistithe Riosca i mí an Mheithimh, agus cuireadh oiliúint ar fáil don fhoireann. D'aistrigh an Roinn go eRisk freisin i mí Mheán Fómhair, ardán BTS ar líne arna fhorbairt ag Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais (OGCIO) chun rioscaí a thaifeadadh agus a bhainistiú.

Cuireadh nuashonruithe rialta maidir le bainistíocht riosca faoi bhráid an Choiste Rialachais Chorparáidigh Inmheánaigh, fochoiste de chuid an Bhoird Bainistíochta, a thugann dearbhú don Oifigeach Cuntasaíochta maidir le hoiriúnacht agus stóinseacht chórais, phróisis agus nósanna imeachta rialachais chorparáidigh na Roinne. Chuir an t-aonad an creat agus an cur chuige bainistíochta riosca faoi bhráid Choiste Iniúchóireachta na Roinne i mí Dheireadh Fómhair freisin, agus dearbhú breise maidir le bainistíocht riosca tugtha acu.

Leanfaidh an tAonad Rialachais agus Riosca de bheith i gceannas ar oibriúchán bainistíochta riosca agus tuairisciú feabhsaithe riosca trí struchtúir rialachais chorparáidigh na Roinne le linn 2024.

***Rialachas san earnáil sláinte***

Tá cur chuige na Roinne maidir le rialachas a bhainistiú ar fud na hearnála sláinte in 2023 bunaithe ar *Chód Cleachtais athbhreithnithe na Roinne Caiteachais Phoiblí, Seachadta agus Athchóirithe an Phlean Forbartha Náisiúnta um Rialachas Comhlachtaí Stáit* (2016). Is iad na haonaid ainmnithe laistigh den Roinn atá faoi stiúir leibhéal an phríomhoifigigh a dhéanann maoirseacht ar chomhlachtaí faoi choimirce le hionchur agus tacaíocht ó Aonad Rialachais agus Riosca na Roinne agus ó aonaid ábhartha eile.

Ar an gcéad dul síos, is ar gach bord, agus ar gach cathaoirleach ar an mbord, atá an fhreagracht as sainordú agus feidhmeanna comhlachtaí aegis a sheachadadh.

Cinntear an caidreamh idir an Roinn agus na comhlachtaí atá faoina coimirce go príomha trí

- reachtaíocht atá mar bhonn agus mar thaca ag bunú an chomhlachta, agus
- na ceanglais atá leagtha amach sa *Chód Cleachtais*.

Faoin g*Cód Cleachtais*, bhí comhaontuithe maoirseachta agus comhaontuithe maidir le feidhmíocht a sheachadadh i bhfeidhm le comhlachtaí faoi choimirce le linn 2023. Dírítear leis an cur chuige seo ar aschuir agus ar thorthaí agus áirítear ann táscairí feidhmíochta lena chinntiú go n-úsáidtear acmhainní ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil chun seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar.

Ullmhaíonn FSS plean corparáideach a chlúdaíonn tréimhse trí bliana agus déanann an tAire Sláinte é a fhaomhadh. Gach bliain, leanann FSS ar aghaidh ag ullmhú plean seirbhíse náisiúnta ina leagtar amach cineál agus méid na seirbhísí atá beartaithe aige a sholáthar don mhaoiniú atá ar fáil. Comhlíonann an plean seirbhíse náisiúnta seo alt 9.5.2 den chomhaontú formhaoirseachta maidir le ceanglais comhaontaithe seachadta feidhmíochta. Rinne an tAire Sláinte an *Plean Seirbhíse Náisiúnta 2023* a fhaomhadh an 23 Márta 2023 agus ina dhiaidh sin rinneadh é a chur faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais é de réir an cheanglais reachtaigh in alt 31(13) den Acht Sláinte 2004 (arna leasú) agus a fhoilsiú ag FSS.

Cuireann FSS tuarascálacha feidhmíochta isteach go míosúil i rith na bliana, agus bíonn cruinnithe míosúla ar siúl ag leibhéil éagsúla idir an dá eagraíocht chun saincheisteanna feidhmíochta leanúnacha nó saincheisteanna feidhmíochta atá ag teacht chun cinn a phlé agus chun gníomhartha a chinneadh chun réimsí imní a fheabhsú. I rith 2023, ba é an toradh a bhí ar ghníomhaíocht thionsclaíoch laistigh den FSS ná nár táirgeadh aon tuarascálacha míosúla feidhmíochta ó Mheán Fómhair 2023 go dtí deireadh na bliana. Ullmhaíodh agus fuarthas na tuarascálacha seo i mí an Mhárta 2024 nuair a cuireadh an ghníomhaíocht thionsclaíoch ar fionraí.

Maidir le comhlachtaí eile faoi choimirce, foráiltear go ginearálta sa reachtaíocht do phlean corparáideach ilbhliantúil agus do phlean gnó bliantúil. Ceadaíonn na pleananna seo, faoi seach, straitéis chorparáideach fhoriomlán agus tosaíochtaí bliantúla a fhorbairt agus a chomhaontú leis an Roinn.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don bhord bainistíochta, i gcás inarb ábhartha, go tráthúil. Deimhním gur aithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh aitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Tá nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus ar an mbainistíocht shinsearach laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach maidir leis an mbliain 2023 óna dteastaíonn nochtadh sa chuntas leithreasa.

**Robert Watt**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Sláinte

21 Márta 2024.

# Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

# Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 38 Sláinte

### Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 38 – Sláinte don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 38 – Sláinte don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

***An bonn leis an tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar Theaghlachas an Uachtaráin agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

### Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

#### Córas comhtháite bainistíochta airgeadais Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

I gCaibidil 17 mo thuarascála ar chuntais na seirbhísí poiblí do 2023 tugtar aghaidh ar an maoiniú a chuirtear ar fáil ó Vóta 38 d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte maidir le córas comhtháite bainistíochta airgeadais, leathadh amach thionscal na Feidhmeannachta agus costais an tionscadail go dtí seo.

**Seamus Mac Cárthaigh**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

16 Mean Fomhair 2024

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den *Exchequer and Audit Departments Act 1866*
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe, agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam ná dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha ar calaois nó earráid is cúis leis. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh iniúchadh a dhéantar de réir na ISAnna (Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht) míráiteas ábhartha i gcónaí nuair a bheidh sé ann. Féadfaidh míráiteas eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha dá bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa, ina n-aonar nó ina n-iomláine.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, cleachtaim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Agus mé ag déanamh amhlaidh,

- Sainaithním agus measúnaím rioscaí an mhíráitis ábhartha a bhaineann leis an gcuntas leithreasa, cibé acu de bharr calaoise nó earráide iad; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúchóireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta is leor agus is cuí chun bunús a sholáthar i gcomhair mo thuairime. Is mó an riosca nach mbraithfí míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr calaoise ná míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr earráide, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh a bheidh iomchuí sna cúinsí i gceist, ach ní chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Measúnaím cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* de chuid fhorálacha cuntasaíochta na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le scóip agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, i measc nithe eile, lena n-áirítear aon laigí suntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Tuairiscím de réir eisceachta más amhlaidh, i mo thuairimse,

- nár bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a theastaigh uaim i gcomhair m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta le go bhféadfaí an cuntas leithreasa a iniúchadh go héasca agus go cuí, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

#### Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na ISAnna an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair a rinne mé, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fhíric sin a thuairisciú.

#### Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

## Vóta 38 Sláinte

## Cuntas Leithreasa 2023

| Seirbhís | | | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar | Meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Riarachán** | | | | | |
| A.1 Tuarastail, pá agus liúntais | | | | | |
| | *Bunfhigiúr* | 49,848 | | | |
| | *Forlíontach* | (4,348) | | | |
| | | | 45,500 | 44,868 | 45,506 |
| A.2 Taisteal agus cothú | | | 451 | 455 | 384 |
| A.3 Oiliúint agus forbairt agus speanais theagmhasacha | | | | | |
| | *Bunfhigiúr* | 3,916 | | | |
| | *Forlíontach* | (1,816) | | | |
| | | | 2,100 | 2,077 | 3,188 |
| A.4 Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | | | | |
| | *Bunfhigiúr* | 174 | | | |
| | *Forlíontach* | (29) | | | |
| | | | 145 | 135 | 187 |
| A.5 Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha | | | | | |
| | *Bunfhigiúr* | 2,951 | | | |
| | *Forlíontach* | (478) | | | |
| | | | 2,473 | 2,102 | 2,217 |
| A.6 Costais áitribh oifige | | | | | |
| | *Bunfhigiúr* | 959 | | | |
| | *Forlíontach* | (109) | | | |
| | | | 850 | 786 | 299 |
| A.7 Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe | | | | | |
| | *Bunfhigiúr* | 1,924 | | | |
| | *Forlíontach* | (524) | | | |
| | | | 1,400 | 765 | 735 |

| Seirbhís | | | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar | Meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Deontais** | | | | | |
| B.1 | Deontais do chomhlachtaí taighde agus deontais taighde eile | | | | |
| | *Bunfhigiúr* | 50,481 | | | |
| | *Forlíontach* | (1,233) | | | |
| | | | 49,248 | 49,038 | 45,239 |
| B.2 | Ciste Éire Shláintiúil | | 14,516 | 14,380 | 14,455 |
| B.3 | Tionscnamh Drugaí | | 6,928 | 5,360 | 5,347 |
| B.4 | Taighde ar ghníomh Covid-19 | | — | — | 2,930 |
| **Seirbhísí eile** | | | | | |
| C | Costais i ndáil leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus le comhlachtaí idirnáisiúnta eile | | 2,700 | 2,985 | 2,586 |
| D | Fiosrúcháin reachtúla agus neamhreachtúla agus táillí agus socraíochtaí dlí ilghnéitheacha | | | | |
| | *Bunfhigiúr* | 12,117 | | | |
| | *Forlíontach* | 8,883 | | | |
| | | | 21,000 | 21,027 | 6,422 |
| E.1 | Comhlachtaí comhairleacha, maoirseachta, rialála agus comhairleacha forbartha | | | | |
| | *Bunfhigiúr* | 105,233 | | | |
| | *Forlíontach* | (10,596) | | | |
| | | | 94,637 | 85,987 | 78,723 |
| E.2 | An Bord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia | | | | |
| | *Bunfhigiúr* | 5,691 | | | |
| | *Forlíontach* | (63) | | | |
| | | | 5,628 | 5,664 | 5,545 |
| E.3 | An Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála | | | | |
| | *Bunfhigiúr* | 100,022 | | | |
| | *Forlíontach* | (22) | | | |
| | | | 100,000 | 100,000 | 100,000 |

| Seirbhís | | | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar | Meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| E.4 | INTERREG na hÉireann/Thuaisceart Éireann | | 5,300 | 6,074 | 1,554 |
| **Seirbhísí eile (ar lean)** | | | | | |
| E.5 | Gníomhartha Covid-19 | | 139,800 | 92,235 | 38,740 |
| *F.1* | *Íocaíochtaí i leith míthreorach de dheasca Tailídimíd* | | — | — | 366 |
| F.2 | Íocaíochtaí i leith daoine a mhaíonn go ndearna vacsaíniú damáiste dóibh | | 1 | — | — |
| F.3 | Íocaíochtaí le cuntas speisialta arna bhunú faoi Alt 10 de na hAchtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C 1997 agus 2002 | | 16,000 | 14,551 | 16,150 |
| F.4 | Íocaíochtaí le ciste aisdúichithe a bunaíodh faoi Alt 11 de na hAchtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C 1997 agus 2002 | | 2,000 | 2,284 | 3,046 |
| G | Faisnéis, comhdhálacha agus foilseacháin a scaipeadh maidir le seirbhísí sláinte agus cúraim sláinte | | | | |
| | *Bunfhigiúr* | 1,545 | | | |
| | *Forlíontach* | (545) | | | |
| | | | 1,000 | 900 | 1,358 |
| H | Sláintecare | | | | |
| | *Bunfhigiúr* | 16,936 | | | |
| | *Forlíontach* | (10,936) | | | |
| | | | 6,000 | 6,585 | 6,278 |
| **Riarachán corparáideach** | | | | | |
| I | Glanchostais phinsin | | | | |
| | *Bunfhigiúr* | 685,563 | | | |
| | *Forlíontach* | 67,269 | | | |
| | | | 752,832 | 794,210 | 732,501 |

| **Seirbhís** | | | | **2023** | **2022** |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar** | **Meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta FSS** | | | | | |
| J.1 | FSS (lena n-áirítear forbairtí seirbhísí) | | | | |
| | *Bunfhigiúr* | 12,686,484 | | | |
| | *Forlíontach* | 693,514 | | | |
| | | | 13,379,998 | 13,333,494 | 13,984,051 |
| J.2 | FSS – Gníomhartha Covid-19 | | | | |
| | *Bunfhigiúr* | 565,490 | | | |
| | *Forlíontach* | 119,760 | | | |
| | | | 685,250 | 709,857 | 1,878,259 |
| **Seirbhísí FSS eile** | | | | | |
| K.1 | Gníomhaireachtaí sláinte agus eagraíochtaí comhchosúla (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | | 4,513 | — | 4,513 |
| K.2 | Íocaíochtaí le Cuntas Speisialta – An tAcht Sláinte (Aisíoc) 2006 | | 1,700 | — | — |
| K.3 | Íocaíocht le cuntas speisialta a bunaíodh faoi Alt 4 den Acht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C (Leasú) 2006 – Scéim Árachais | | 1,000 | 2,228 | — |
| K.4 | Íocaíocht leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát | | | | |
| | *Bunfhigiúr* | 435,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 75,000 | | | |
| | | | 510,000 | 511,656 | 530,000 |
| K.5 | Míbhuntáiste eacnamaíoch agus sóisialta (maoiniú cuntas díomhaoin) | | 1,985 | 69 | 108 |
| **Clár cúraim** | | | | | |
| L.1 | Seirbhísí aisíocaíochta cúraim phríomhúil | | | | |
| | *Bunfhigiúr* | 3,930,202 | | | |
| | *Forlíontach* | 109,332 | | | |
| | | | 4,039,534 | 4,030,478 | 3,685,646 |

| Seirbhís | | | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar | Meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| L.2 | Seirbhísí aisíocaíochta cúraim phríomhúil – gníomhartha Covid-19 | | | | |
| | *Bunfhigiúr* | 8,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 1,270 | | | |
| | | | 9,270 | 8,920 | — |
| L.3 | Cúram cónaithe fadtéarmach | | | | |
| | *Bunfhigiúr* | 1,094,197 | | | |
| | *Forlíontach* | (31,637) | | | |
| | | | 1,062,560 | 1,113,700 | 1,001,529 |
| **Seirbhísí caipitil** | | | | | |
| M.1 | Deontais maidir le tógáil, trealamh (TFC san áireamh) | | 19,927 | 16,088 | 14,740 |
| M.2 | Saoráidí sláinte a thógáil, a threalmhú agus a chur ar fáil | | | | |
| | *Bunfhigiúr* | 951,170 | | | |
| | *Forlíontach* | 21,682 | | | |
| | | | 972,852 | 876,694 | 944,650 |
| M.3 | Seirbhísí faisnéise agus seirbhísí gaolmhara do ghníomhaireachtaí sláinte | | 383,696 | 413,696 | 367,500 |
| M.4 | Gníomhaíochtaí caipitil Covid-19 (TFC san áireamh) | | 50,000 | 50,000 | 140,000 |
| **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunfhigiúr* | 21,358,420 | | | |
| | *Forlíontach* | 1,034,374 | | | |
| | | | **22,392,794** | **22,319,348** | **23,664,752** |
| | *Lúide* | | | | |
| **N** | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **438,371** | **446,374** | **458,409** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunfhigiúr* | 20,920,049 | | | |
| | *Forlíontach* | 1,034,374 | | | |
| | | | **21,954,423** | **21,872,974** | **23,206,343** |

| Seirbhís | 2023 | | | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | Soláthar | Meastacháin | Toradh | Toradh |
| | €000 | €000 | €000 | €000 |

**Farasbarr**

Is ionann an barrachas agus an tsuim a sholáthraítear os cionn na glansuime atá faoi dhliteanas lena tabhairt suas don Státchiste.

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Fara sbarr | 81,449,616 | 42,065,397 |
| Géilleadh iarchurtha | (70,000,000) | — |
| **Farasbarr le géilleadh** | **11,449,616** | **42,065,397** |

**Robert Watt**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Sláinte

21 Márta 2024

## Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

### Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2023

| | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Caiteachas ar riarachán na Roinne | | 51,188 | 52,516 |
| Caiteachas ar sheirbhísí agus ar chláir | | 22,268,160 | 23,612,236 |
| **Ollchaiteachas** | | **22,319,348** | **23,664,752** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **446,374** | **458,409** |
| **Glanchaiteachas** | | **21,872,974** | **23,206,343** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil (nóta 2.1)** | | | |
| Ceannacháin | (66) | | |
| Dímheas | 43 | | |
| | | (23) | (1) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar réamhíocaíochtaí | 400 | | |
| Méadú ar ioncam fabhraithe | (7) | | |
| Laghdú ar speansais fhabhraithe | (1,249) | | |
| | | (856) | (1,046) |
| **Caiteachas díreach** | | **21,872,095** | **23,205,296** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 21,268 | 21,232 |
| **Glanchostas an chláir** | | **21,893,363** | **23,226,528** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara na suimeanna a leanas i dtaca le Vóta 38 a tabhaíodh in áit eile.

| | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 44 | 103 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 12,524 | 12,522 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 7,963 | 7,897 |
| Vóta 18 | Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 75 | 69 |
| Vóta 20 | An Garda Síochána | 238 | 227 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais | 129 | 119 |
| Príomh-Chiste – pinsin aireachta | | 295 | 295 |
| | | **21,268** | **21,232** |

## Nóta 2 Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2023

| | Nóta | 2023<br>€000 | 2022<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Maoin, gléasra agus trealamh** | 2.1 | 98 | 75 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | | 63,154 | — |
| Réamhíocaíochtaí | 2.2 | 2,528 | 2,928 |
| Ioncam fabhraithe | | 201 | 194 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.4 | 6,462 | 6,404 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.6 | — | 8,820 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **72,345** | **18,346** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | 2.3 | 745 | 1,994 |
| Banc agus airgead tirim | | — | 11,404 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.5 | 4,752 | 3,818 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.6 | 64,864 | — |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **70,361** | **17,217** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 1,984 | 1,129 |
| **Glansócmhainní** | | **2,082** | **1,204** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe stáit** | 2.7 | **2,082** | **1,204** |

## 2.1 Maoin, gléasra agus trealamh

| | Trealamh Oifige agus TF | Iomlán |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Costas nó luacháil** | | |
| Ag 1 Eanáir 2023 | 226 | 226 |
| Breiseanna | 66 | 66 |
| Ag 31 Nollaig 2023 | 292 | 292 |
| | | |
| **Dímheas carntha** | | |
| Ag 1 Eanáir 2023 | 151 | 151 |
| Dímheas don bhliain | 43 | 43 |
| Ag 31 Nollaig 2023 | 194 | 194 |
| | | |
| **Glansócmhainní** | | |
| **Ag an 31 Nollaig 2023** | **98** | **98** |
| Ag an 31 Nollaig 2022 | 75 | 75 |

## 2.2 Réamhíocaíochtaí

| ag an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Ciste Éire Shláintiúil | 1,708 | 2,194 |
| Clubanna Sláintiúla CLG | 400 | — |
| Ciste comhtháthaithe Sláintecare | 267 | 105 |
| Réamhíocaíochtaí eile | 153 | 138 |
| Ciste Dídeanaithe na hÚcráine | — | 491 |
| | **2,528** | **2,928** |

## 2.3 Speansais fhabhraithe

| ag an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Costais riaracháin | 520 | 291 |
| Fabhruithe eile | 122 | 43 |
| An tSeirbhís Chomhairleach Náisiúnta | 77 | 111 |
| Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann | 26 | 99 |
| Scéim Árachais Heipitíteas C | — | 1,122 |
| Teastais dhigiteacha Covid | — | 203 |
| Táillí dlí | — | 123 |
| Ciste Éire Shláintiúil | — | 1 |
| | **745** | **1,994** |

## 2.4 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Tuarastail in-fhorchúitithe | 6 | — |
| Caiteachas ar an scéim pas taistil inaisíoctha | 56 | 52 |
| Caiteachas taistil in-fhorchúitithe | 4 | 4 |
| Feidhmeanna na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige a aistriú | 98 | — |
| Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C [a] | 6,060 | 6,238 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 238 | 109 |
| | **6,462** | **6,404** |

Nóta [a] Faoi réir cheadú ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh agus Athchóiriú an Phlean Forbartha Náisiúnta, déanann fotheideal F.3 íocaíochtaí le Cuntas Speisialta arna bhunú faoi Alt 10 de na hAchtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C 1997 agus 2002 agus déanann fotheideal F.4 íocaíochtaí le Ciste Cúitimh arna bhunú faoi Alt 11 de na hAchtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C 1997 agus 2002. Tá Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Airgeadais freagrach as an gCiste um Chuntas Speisialta agus Aisdúichiú.

Feidhmíonn an Roinn Sláinte mar ghníomhaire íocaíochta leis an mBinse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C, agus tá sí freagrach as dámhachtainí binse agus dámhachtainí aisdúichithe a íoc agus as costais riaracháin agus dlí an Bhinse a íoc. Forchúitítear an caiteachas ón gCuntas Speisialta agus ón gCiste Aisdúichithe de bhun tuairisceán caiteachais arna ndeimhniú ag Oifig Chuntasaíochta na Roinne Sláinte.

Is ionann an t-iarmhéid ag deireadh na bliana a thaispeántar anseo agus costais a ghlan an Roinn Sláinte i leith an Bhinse nach bhfuil maoiniú le haisíoc ina leith go fóill ón gCiste um Chuntais Speisialta agus Aisdúichiú.

## 2.5 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag an 31 Nollaig | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Suimeanna dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 578 | 580 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 404 | 380 |
| Muirear sóisialta uilíoch/tobhach ioncaim | 119 | 116 |
| Cáin mhaoine áitiúil | 2 | 3 |
| Cáin bhreisluacha | 7 | 34 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 42 | 324 |
| | 1,152 | 1,436 |
| Asbhaintí párolla a gcoinneáil ar fionraí | 274 | 256 |
| Maoiniú ón AE | 3,316 | 2,116 |
| Míreanna creidmheasa eile ar fionraí | 10 | 11 |
| | **4,752** | **3,819** |

## 2.6 Glanmhaoiniú ón Státchiste

| ag an 31 Nollaig | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Farasbarr le géilleadh | 11,450 | 42,065 |
| Géilleadh iarchurtha | 70,000 | — |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh anuas | (16,586) | (50,885) |
| **Glanmhaoiniú ón Státchiste** | **64,864** | **(8,820)** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 63,154 | — |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 6,462 | 6,404 |
| | 69,616 | 6,404 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (1,152) | (1,436) |
| Banc agus airgead tirim | — | (11,404) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (3,600) | (2,383) |
| | (4,752) | (15,223) |
| | **64,864** | **(8,820)** |

## 2.7 Cuntas maoinithe stáit

| | Nóta | | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 1,204 | 157 |
| Íocaíochtaí amach ón Vóta | | | | |
| Soláthar Meastacháin | Cuntas | 21,954,423 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (70,000) | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (11,450) | | |
| Glan Vóta | | | 21,872,973 | 23,206,343 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 21,268 | 21,232 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (21,893,363) | (23,226,528) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **2,082** | **1,204** |

## 2.8 Ceangaltais

| **a) Ceangaltais dhomhanda** | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| ag an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Earraí agus seirbhísí a sholáthar | 3,366 | 124,269 [a] |
| Cláir deontas neamhchaipitil | 34,567 | 32,711 [a] |
| Cláir deontais chaipitil | 37,164 | 48,256 |
| **Iomlán na gceangaltas atá infheidhmithe le dlí** | **75,097** | **205,236** [a] |

| **b) Cláir deontais neamhchaipitil** | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid tosaigh | 32,711 | 16,829 |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (16,405) | (19,822) |
| Ceangaltais deontais nua | 18,951 | 35,769 [a] |
| Deontais curtha ar ceal | (690) | (65) |
| **Iarmhéid deiridh** | **34,567** | **32,711** [a] |

| **c) Cláir deontais chaipitil** | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid tosaigh | 48,256 | 47,641 |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (9,856) | (9,993) |
| Ceangaltais deontais nua | — | 10,994 |
| Deontais curtha ar ceal | (1,236) | (386) |
| **Iarmhéid deiridh** | **37,164** | **48,256** |

Nóta a Léirigh athbhreithniú mionsonraithe go raibh tearcráiteas i gcuntais 2022. Áiríodh leis sin na ceangaltais vacsaíne amhail deireadh 2022. Aistríodh freagracht as an gceangaltas sin chuig FSS in 2023. Rinneadh figiúirí na bliana roimhe seo a choigeartú chun an tearcráiteas a cheartú.

## 2.9 Dliteanais theagmhasacha

Tá baint ag an Roinn le roinnt éileamh a bhaineann le himeachtaí dlí a d'fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta.

## 2.10 Iarmhéid FSS

| ag an 31 Nollaig | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Dliteanas tosaigh 1 Eanáir | (463,523) | (954) |
| Cinneadh | (21,846,895) | (23,706,949) |
| Deontas eisithe | 21,845,003 | 23,268,757 |
| Aistarraing farasbairr chéadchaipitil | 47,465 | — |
| Dliteanas deiridh 31 Nollaig | (417,950) | (439,146) |
| Deontas iarchurtha | — | (24,377) |
| **Glan-iarmhéid le FSS** | **(417,950)** | **(463,523)** |

Nóta Aistríodh maoiniú deontais de €21,845 milliún san iomlán chuig FSS in 2023 chun freastal ar a riachtanais láithreacha airgid. Bhí na híocaíochtaí iomlána a eisíodh ón Vóta Sláinte chuig an FSS €1.89m níos lú ná an méid a leagadh amach i litir chinnidh bhliantúil an Aire. Rinneadh barrachas caipitil €47.5m na bliana 2022 a fhritháireamh in aghaidh an dliteanais, rud a d'fhág go raibh iarmhéid glan €417.95m dlite don FSS don bhliain 2023.

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

Tugann an méid seo a leanas breac-chuntas ar na cúiseanna atá le héagsúlachtaí suntasacha caiteachais ón méid a chuirtear ar fáil. Is ionann éagsúlacht shuntasach agus +/- €100,000, agus +/- 5% den mhéid a soláthraíodh (fo-cheannteidil riaracháin +/- 25%).

### Caiteachas riaracháin

**A.3 Oiliúint agus forbairt agus speanais theagmhasacha**

*Soláthar Meastacháin €3.916 milliún; toradh €2.077 milliún*

Is é is cúis leis an tearc-chaiteamh go raibh costais ghinearálta riaracháin na Roinne níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis, lena n-áirítear costais oifigí preasa laghdaithe, agus costais ghlantacháin laghdaithe go mór.

**A.5 Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha**

*Soláthar Meastacháin €2.951 milliún; toradh €2.102 milliún*

Tharla an tearc-chaitheamh go príomha mar gheall ar an gceannach stórála breise a bhí beartaithe don Roinn do bheith curtha siar.

**A.7 Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe**

*Soláthar Meastacháin €1.924 milliún; toradh €765,405*

Tharla an tearc-chaitheamh mar gheall ar uainiú na dtionscadal sin a bhfuiltear ag súil go dtabharfar ar aghaidh iad go 2024. €126,500, sin é an coigilteas ar thionscadail a measadh a bheith dúnta nó críochnaithe.

### Deontais do ghníomhaireachtaí

**B.3 Tionscnamh drugaí**

*Soláthar Meastacháin €6.928 milliún; toradh €5.360 milliún*

In 2023 cuireadh €500,000 ar leataobh do chlár coiscthe agus oideachais a bhí á dhearadh. Níor shroich an tionscadal seo céim a chur chun feidhme le linn 2023 ach meastar go gcuirfear i bhfeidhm go hiomlán é in 2024.

Tar éis athbhreithniú meántéarmach a dhéanamh ar an Straitéis Náisiúnta Frithdhrugaí, aithníodh sé thosaíocht straitéiseacha. Bunaíodh grúpa forfheidhmithe straitéisigh (SIG) do gach ceann de na tosaíochtaí seo. In 2023 bunaíodh ciste tacaíochta SIG chun clár oibre na ngrúpaí seo a mhaoiniú, ach ba bheag an leas a bhain na SIGanna as na cistí seo in 2023. Táthar ag súil go mbainfidh na SIGanna úsáid as na cistí seo in 2024.

Ina theannta sin, níor caitheadh an caiteachas réamh-mheasta maidir le tascfhórsaí drugaí agus alcóil ina iomláine in 2023 de bharr deacrachtaí maidir le hearcaíocht. Táthar ag súil leis go dtabharfar aghaidh ar an gceist seo in 2024 agus go dtarraingeofar anuas an leithdháileadh maoinithe.

### Seirbhísí eile

**C Costais i ndáil leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus le comhlachtaí idirnáisiúnta eile**

*Soláthar Meastacháin €2.7 milliún; toradh €2.985 milliún*

Is é is cúis leis an mbarrchaiteamh go raibh costas na ranníocaíochtaí agus na mballraíochtaí níos airde ná mar a réamh-mheasadh .

**D Fiosrúcháin reachtúla agus neamhreachtúla agus táillí agus socraíochtaí dlí ilghnéitheacha**

*Soláthar Meastacháin €12.117 milliún; toradh €21.027 milliún*

Is é is cúis leis an mbarrchaitheamh líon na gcásanna diúltaithe a bhain le baill den Aontas Cosanta Míochaine agus a réitíodh nuair a cuiredh tús le caingne arís tar éis Covid a bheith níos airde ná mar a réamh-mheasadh

**E.1 Comhlachtaí forbartha, comhairliúcháin, maoirseachta, rialála agus comhairleacha**

*Soláthar Meastacháin €105.233 milliún; toradh €85.987 milliún*

Bhí caiteachas iarbhír na ngníomhaireachtaí seo a leanas níos ísle ná mar a leithdháileadh ar dtús.

- Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann – bhí caiteachas níos lú ná leithdháileadh go príomha mar gheall ar easpa airgid ar íocaíochtaí le tréidlianna údaráis áitiúil.
- An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte - bhí an caiteachas níos lú ná a leithdháileadh mar gheall ar moill maidir le poist a líonadh.

Is é is cúis le míreanna ilghnéitheacha eile tearc-chaitimh clár áirithe do chur siar agus uainiú íocaíochtaí, lena n-áirítear tionscnaimh de chuid na hOifige um Shábháilteacht Othar, an Choiste Chomhairlgh Náisiúnta um Scagadh, an Údaráis Sláinte Poiblí, an Údaráis Náisiúnta um Fhaisnéis Sláinte agus maoiniú ó Bhord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann faoi Chomhaontú Bhóthar Lansdúin.

**E.4 INTERREG na hÉireann/Thuaisceart Éireann**

*Soláthar Meastacháin €5.300 milliún; toradh €6.074 milliún*

Is é is cúis leis an mbarrchaitheamh gur tugadh na tionscadail go léir chun críche sa bhliain dheireanach den chlár seo.

**E.5 Gníomhartha Covid-19**

*Soláthar Meastacháin €139.800 milliún; toradh €92.235 milliún*

Baineann an tearc-chaithemah le rochtain ar mhaoiniú cúraim a choinnítear faoin fhotheideal seo don FSS agus a íocadh as fotheideal J.1. Cuireadh é seo san san áireamh sa tarraingt anuas deiridh airgid chuig FSS i mí na Nollag 2023.

**F.3 Íocaíochtaí le Cuntas Speisialta arna bhunú faoi alt 11 de na hAchtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C 1997 agus 2002**

*Soláthar Meastacháin €16 mhilliún; toradh €14.551 milliún*

Ba é ba chúis leis an easnamh €1.449 milliún i gcaiteachas i gcomparáid leis an soláthar meastacháin go raibh caiteachas i leith an Bhinse níos ísle ná mar a réamh-mheasadh.
Níl an Roinn in ann líon nó luach na ndámhachtainí a dhéanfaidh an Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C agus VEID, binse atá neamhspleách ar an Roinn, a thuar go beacht.

**F.4 Íocaíochtaí le ciste aisdúichithe a bunaíodh faoi Alt 11 de na hAchtanna um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C 1997 agus 2002**

*Soláthar Meastacháin €2 mhilliún; toradh €2.284 milliún*

Déantar foráil le halt 11 den Acht go n-íocfar méideanna in ionad le héilitheoirí a ghlac le dámhachtain ón mBinse nó le tairiscint socraíochta. Bhí an méadú €284,000 milliún ar chaiteachas i gcomparáid leis an soláthar meastacháin mar gheall ar luach na n-íocaíochtaí ciste aisdúichithe a bheith níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis.

**G Faisnéis, comhdhálacha agus foilseacháin a scaipeadh maidir le seirbhísí sláinte agus cúraim sláinte**

*Soláthar Meastacháin €1.545 milliún; toradh €899,569*

Is é is cúis leis an athraitheacht seo ná líon is ísle na bhfeachtas preasa in 2023 i gcomparáid leis an meastachán agus blianta roimhe seo. Aistríodh coigilteas €545,000 ón bhfotheideal seo chun freastal do chaiteachas eile sa vóta.

**H Sláintecare**

*Soláthar Meastacháin €16.936 milliún; toradh €6.585 milliún*

Bhain an tearc-chaiteamh i gcaiteachas ar Chúram Sláinte go príomha le sos earcaíochta FSS a raibh moill maidir le feidhmiú thionscadail i mBabhta 2 agus neamh-eisíocaíocht iarmhartach an dara tráinse maoinithe a rabhthas ag súil leis mar thoradh uirthi. Anuas air sin, bhí níos lú iarratas ná mar a bhíothas ag súil leis ar mhaoiniú i mBabhta 3 agus líon laghdaithe tionscadal ar éirigh leo, tar éis an phróisis measúnaithe. De thoradh sin, laghdaíodh an méid maoinithe a d'fhéadfaí a eisíoc le tionscadail Bhabhta 2 agus 3 in 2023, i gcomparáid leis an méid a rabhthas ag súil lena eisíoc.

## Riarachán corparáideach

**I Glanchostais phinsin**

*Soláthar Meastacháin €685.563 milliún; toradh €794.210 milliún*

Caiteachas barrachais de €108.647 milliún. Déantar foráil i bhFo-theideal I maidir le sochair aoisliúntais a íoc le fostaithe de chuid FSS agus folaíonn sé pinsin agus cnapshuimeanna scoir agus tá sé glan ar aon ranníocaíochtaí aoisliúntais a dhéanann baill foirne ar seirbhís. Ceanglaítear le tabhairt isteach na Scéime Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair (SPSPS) in 2013 go ndéanfaí ranníocaíochtaí fostaithe ó chomhaltaí na scéime seo a íoc go lárnach leis an Státchiste. De réir mar a théann comhaltaí scéimeanna is sine ar scor agus comhaltaí den SPSPS ag teacht ina n-ionad, tá laghdú tagtha ar an méid ioncaim atá á choinneáil ag FSS, rud a cothaíonn éileamh níos mó ar an bhfotheideal seo. In éineacht le sochair mhéadaithe a thig as comhaontuithe pá na hearnála poiblí, tá an caiteachas breise a tabhaíodh in 2023 mar thoradh air sin. Ina theannta sin, le linn 2023 rinne FSS aisíocaíochtaí pinsin a bhain le comhaontuithe pá níos sine agus chuir siad tús le tionscnamh freisin chuncnapshuimeanna pinsin reatha a íoc.

## Seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta FSS

**J.1 FSS (lena n-áirítear forbairtí seirbhíse)**

*Soláthar Meastacháin €12.686.484 milliún; toradh €13.333.494 milliún*

Ba é ba chúis go príomha leis an mbarrchaiteamh €647 milliún in 2023 easnaimh in ospidéil ghéarmhíochaine, agus ar bhonn níos lú ar fud ceantair phobail agus ceantair atá faoi thionchar an éilimh. Bhain an chuid is mó den easnamh seo le caiteachas neamhphá, arna spreagadh ag arduithe praghais mar gheall ar leibhéil arda boilscithe agus méaduithe toirte a thig as méaduithe ar éileamh ar sheirbhísí sláinte mar gheall ar athruithe déimeagrafacha i dtéarmaí daonra atá ag dul in aois agus ag fás os cionn na leibhéil a réamh-mheasadh. Ina theannta sin, bhí cuid mhór den easnamh mar gheall ar chaiteachas pá.

**J.2 Gníomhartha Covid-19 FSS**

*Soláthar Meastacháin €565.490 milliún; toradh €709.857 milliún*

Ba é ba chúis go príomha leis an mbarrchaitheamh ar chaiteachas reatha Covid-19 FSS in 2023 ná freagairtí neamh-mhaoinithe ar Covid i suíomhanna géarchúraim agus pobail. Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le deireadh a chur le cuid mhór de na freagairtí neamh-mhaoinithe seo faoi dheireadh 2023/ tús 2024. Aistríodh €119.760 milliún chuig an bhfotheideal seo chun freastal don chaiteachas seo in 2023.

## Seirbhísí FSS eile

**K.1 Gníomhaireachtaí sláinte agus eagraíochtaí comhchosúla (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)**

*Soláthar Meastacháin €4.513 milliún; toradh €nialas*

Tharla an t-easnamh i gcaiteachas i gcomparáid leis an soláthar meastacháin mar gheall ar uainiú na ndeontas arna n-íoc agus coinníollacha an deontais a bheith comhlíonta.

**K.2 Íocaíochtaí le Cuntas Speisialta – An tAcht Sláinte (Aisíoc) 2006**

*Soláthar Meastacháin €1.7 milliún; toradh €nialas*

Bhí an tearc-chaitheamh de €1.7 milliún in 2023 mar gheall ar chineál na n-íocaíochtaí faoin bhfotheideal seo a bheith chomh mór sin go bhféadfadh uainiú na n-iarratas ar mhaoiniú a bheith dothuartha, go háirithe má tá ceisteanna le réiteach sa phróiseas fíoraithe, agus dá bhrí sin is féidir uainiú na n-íocaíochtaí a athrú. Mar gheall ar nádúr reachtúil na Scéime, ní mór don Stát na dliteanais a chomhlíonadh agus dá bhrí sin tá sé tábhachtach a chinntiú go bhfanann maoiniú don Scéim san fhotheideal ábhartha chun dliteanais deiridh a chomhlíonadh.

**K.3 Íocaíochtaí le cuntas speisialta arna bhunú faoi Alt 4 den Acht um Binse Cúitimh i ndáil le Heipitíteas C (Leasú) 2006 – Scéim Árachais**

*Soláthar Meastacháin €1.000 milliún; toradh €2.228 milliún*

Is próiseas garbhreithiúnach é seo atá bunaithe ar éilimh a taisceadh agus bíonn éagsúlacht shuntasach idir cineál na n-éileamh agus na n-íocaíochtaí ó bhliain go bliain. Bhí an róchaiteamh ann mar gheall ar híocaíochtaí ar fad do 2022 agus 2023 a bheith déanta in 2023. Caitheadh €1.122 milliún in 2022 agus €1.106 milliún in 2023.

**K.4 Íocaíocht leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát**

*Soláthar Meastacháin €435.000 milliún; toradh €511.656 milliún*

Déanann an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (SCA) bainistíocht ar gach éileamh maidir le faillí chliniciúil a dhéantar i gcoinne fiontair chúram sláinte, ospidéil agus cleachtóirí cliniciúla, altranais agus gairmeacha gaolmhara cúram sláinte thar ceann an Stáit.

Féachann GÉS le héilimh a bhainistiú ag an leibhéal is ísle cúitimh is féidir a bhaint amach agus ag an am céanna a chinntiú go n-íoctar cúiteamh cothrom i gcásanna ina dtarlaíonn faillí. Is féidir an barrchaiteamh do 2023 a leagan 1) méadú ar líon na n-éileamh agus 2) méadú ar luach na socraíochtaí arna ndámhadh , go háirithe éilimh a tháinig chun cinn mar gheall ar ghortú tubaisteach le linn breithe.

**K.5 Míbhuntáiste eacnamaíoch agus sóisialta (maoiniú cuntas díomhaoin)**

*Soláthar Meastacháin €1.985 milliún; toradh €69,000*

Tá an t-easnamh de €1.916 milliún in aghaidh an tsoláthair mheastacháin mar thoradh ar neamh-intuarthacht bhunúsach na n-iarratas chuig ciste na gCuntas Díomhaoin ag lorg ceaduithe tionscadail agus inathraitheacht in uainiú na gceaduithe agus an chaiteachais i leith tionscadal a ceadaíodh.

## Clár cúraim

**L.2 Seirbhísí aisíocaíochta cúraim phríomhúil – gníomhartha Covid-19**

*Soláthar Meastacháin €8.000 milliún; toradh €8.920 milliún*

Rinneadh an leithdháileadh de €8 milliún in 2023 chun drugaí teiripeacha Covid a cheannach. Bhí an caiteachas os cionn an tsoláthair mheastacháin in 2023 mar gheall ar sholáthar breise na ndrugaí seo os cionn an réamh-mheastacháin.

## Seirbhísí caipitil

**M.1 Deontais maidir le tógáil, trealamh (TFC san áireamh)**

*Soláthar Meastacháin €19.927 milliún; toradh €16.088 milliún*

Bhí an tearc-chaiteamh ann mar thoradh ar roinnt táirgí insoláthartha a bhí le seachadhadh ag díoltóirí a bhí titithe ar gcúl. Ní raibh an ghníomhaireacht i gceist ag iarraidh síniú a chur leis na sonraisc go dtí go raibh siad sásta go raibh gach rud in ord is in eagar. Is dliteanais aibíochta iad seo do 2024 anois.

**M.2 Saoráidí sláinte a thógáil, a threalmhú agus a chur ar fáil**

*Soláthar Meastacháin €951.170 milliún; toradh €876.694 milliún*

Bhí tearc-chaiteamh ann in 2023 toisc gur tugadh €70 milliún de mhaoiniú nár caitheadh ar aghaidh go dtí 2024, ar maoiniú é a bhain le tionscadal an Ospidéil Náisiúnta Leanaí. Arna comhaontú ag leibhéal na nAirí an 15 Samhain 2023, agus atá leagtha amach i Meastacháin Athbhreithnithe 2024.

**M.3 Seirbhísí faisnéise agus seirbhísí gaolmhara do ghníomhaireachtaí sláinte**

*Soláthar Meastacháin €383.70 milliún; toradh €413.70 milliún*

Tharla an barrchaitheamh €30 milliún mar gheall ar mhaoiniú a shainaithint a d'fhéadfaí a úsáid do thionscadail chaipitil TFC. Rinneadh freastal do seo trí aistriú €30 milliún ó fho-cheannteideal M2

Rinneadh an t-aistriú idir fho-cheannteidil caipitil chun seachadadh iomlán an chláir caipitil sláinte a bharrfheabhsú.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2023 | | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Costas na seirbhísí sláinte a sholáthraítear faoi rialacháin an Chomhphobail Eorpaigh a aisghabháil | 255,000 | 260,000 | 270,000 |
| 2 | Fáltais ó dhleachtanna máil áirithe ar tháirgí tobac | 167,605 | 167,605 | 167,605 |
| 3 | Costais áirithe na Scéime Seirbhísí Ophtalmacha a fhorchúiteamh ón gCiste Árachais Shóisialaigh | 4,000 | 6,927 | 6,598 |
| 4 | Costais áirithe faoin Scéim Seirbhísí Cóireála Fiaclóireachta a chúiteamh leis an gCiste Árachais Shóisialaigh | 4,000 | 3,870 | 2,091 |
| 5 | Fáltais ilghnéitheacha | 250 | 787 | 4,809 |
| 6 | Cuntais dhíomhaoine | 2,235 | 69 | 108 |
| 7 | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise le luach saothair seirbhíse poiblí | 3,816 | 4,510 | 4,123 |
| 8 | Fáltais maidir le Cláir Speisialta AE | 1,465 | 2,606 | 3,074 |
| | **Iomlán** | **438,371** | **446,374** | **458,409** |

**Athruithe suntasacha**

Tugann an méid seo a leanas breac-chuntas ar na cúiseanna atá le héagsúlachtaí suntasacha i gceannteidil leithreasaí i gcabhair aonair (+/-5% agus €100,000).

**3 Costais áirithe na Scéime Seirbhísí Ophtalmacha a fhorchúiteamh ón gCiste Árachais Shóisialaigh**

*Meastachán €4 mhilliún; réadaithe €6.927 milliún*

Ba dheacair an t-ardú €2.9 milliún a thuar mar gheall ar éilimh faoin scéim seirbhísí ophtalmacha. Ní chuireann an Roinn Coimirce Sóisialaí na héilimh in iúl ach ag deireadh na bliana.

**5 Fáltais ilghnéitheacha**

*Meastachán €250,000; €787,000 réadaithe*

Is ann don athraitheas go príomha mar gheall ar chistí de mhéid 375,000 nár caitheadh i ndáil le Babhta 1 den Chiste Comhtháthaithe Cúram Sláinte a bheith curtha ar ais ag Pobal, agus fáltais níos airde ná mar a tuaradh a bhain le táillí ceadúnais faoin Acht um Mí-Úsáid Drugaí, táillí arb ionann iad agus €313,330.

**6 Cuntais dhíomhaoine**

*Meastachán €2.235 milliún; €69,444 réadaithe*

Bhí na fáltais ó Chiste na gCuntas Díomhaoin €2.166 milliún níos ísle ná mar a measadh mar gheall ar éiginnteacht maidir le huainiú caiteachais i ndáil le tionscadail a ceadaíodh le haghaidh maoinithe faoi phleananna gníomhaíochta na gcuntas díomhaoin 2016, 2017 agus 2018.

**7 Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise le luach saothair seirbhíse poiblí**

*Meastachán €3.816 milliún; réadaithe €4.51 milliún*

Bhí an méid a fuarthas ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise €694,000 níos mó ná mar a measadh mar gheall ar mhéadú ar ranníocaíochtaí a fuarthas ó ghníomhaireachtaí faoi choimirce na Roinne agus éifeacht na méaduithe mar gheall ar an gcomhaontú Building Momentum.

**8 Fáltais maidir le Cláir Speisialta AE**

*Meastachán €1.465 milliún; réadaithe €2.606 milliún*

Bhí na fáltais maidir le Cláir Speisialta AE €1.141 milliún níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis mar gheall ar íocaíocht bhreise tráth clabhsúir INTERREG.

## 4.2 Fáltais bhreise le híoc leis an Státchiste

| | 2023<br>€000 | 2022<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | — | — |
| Géilleadh deonach pá | 37 | 53 |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (37) | (53) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | **—** | **—** |

# Nóta 5 Líon foirne agus Luach saothair

## 5.1 Líon na bhfostaithe

| **Coibhéisí lánaimseartha ag deireadh na bliana** | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| Roinn | 646 | 624 |
| Fostaithe díreacha Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte [a] | 94,696 | 89,227 |
| Fostaithe deonacha géarmhíochaine agus neamh-ghéarmhíochaine (alt 38)[a] | 51,289 | 48,519 |
| Gníomhaireachtaí eile [b] | 2,191 | 2,016 |
| **Líon na foirne ag deireadh na bliana** | **148,822** | **140,386** |

Nóta a Áirítear leis na figiúirí seo fostaithe arna maoiniú ag an Roinn Sláinte agus ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Comhtháthaithe agus Óige.

b Áirítear le 'gníomhaireachtaí eile' na gníomhaireachtaí go léir a oibríonn faoi choimirce na Roinne lena n-áirítear na gníomhaireachtaí sin nach bhfaigheann maoiniú díreach ón Státchiste.

## 5.2 Pá

| **Luach saothair fhoireann na Roinne** | **2023** | **2022** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 41,005 | 41,703 |
| Scaoilíocaíocht agus íocaíocht iomarcaíochta | 20 | 12 |
| Liúntais ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 253 | 185 |
| Liúntais eile | 11 | 2 |
| Ragobair | 101 | 104 |
| ÁSPC an Fhostóra | 3,478 | 3,500 |
| **Pá iomlán** | **44,868** | **45,506** |

**Luach saothair Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte**

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 5,265,552 | 4,730,778 |
| Liúntais ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 612,889 | 603,538 |
| Riaráistí | 16,348 | 5,030 |
| Ragobair | 303,557 | 276,579 |
| ÁSPC an Fhostóra | 622,396 | 566,118 |
| Íocaíocht aitheantais speisialta paindéime | 2,088 | 85,888 |
| Aoisliúntas | 997,972 | 898,071 |
| Pá iomlán fostaithe díreacha Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | 7,820,802 | 7,166,002 |
| Costais foirne na Gníomhaireachta | 644,212 | 619,514 |
| **Pá iomlán [a]** | **8,465,014** | **7,785,516** |

Nóta [a] Ní áirítear leis na costais phá thuas costas fostaithe san earnáil dheonach. Áirítear leis na figiúirí seo fostaithe arna maoiniú ag an Roinn Sláinte agus ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Comhtháthaithe agus Óige.

**Luach saothair gníomhaireachtaí eile [a]**

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 82,413 | 73,404 |
| Liúntais ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 335 | 142 |
| Liúntais eile | 102 | 108 |
| Ragobair | 12 | 16 |
| ÁSPC an Fhostóra | 8,590 | 7,641 |
| **Pá iomlán** | **91,452** | **81,311** |

Nóta [a] I measc na ngníomhaireachtaí eile tá gníomhaireachtaí atá ag feidhmiú faoi choimirce na Roinne a fhaigheann maoiniú díreach ón Státchiste, seachas Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí €10,000 nó níos mó | Íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2023 | 2022 |
| | | | € | € |
| **Foireann na Roinne** | | | | |
| Liúntais ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 26 | 11 | 42,541 | 22,755 |
| Liúntais eile [b] | 17 | — | 4,805 | 1,309 |
| Ragobair | 24 | 2 | 21,847 | 19,320 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 7 | 5 | 26,760 | 24,146 |
| **Baill foirne gníomhaireachtaí eile [a]** | | | | |
| Liúntais ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 85 | 8 | 29,921 | 22,250 |
| Liúntais eile | 18 | — | 6,394 | 6,394 |
| Ragobair | 17 | — | 4,144 | 4,048 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 2 | — | 6,265 | 4,448 |

Nóta [a] I measc na ngníomhaireachtaí eile tá gníomhaireachtaí atá ag feidhmiú faoi choimirce na Roinne a fhaigheann maoiniú díreach ón Státchiste, seachas Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

[b] Áirítear leis seo 14 ball foirne nach bhfuil leis an Roinn a thuilleadh ach a fuair riaráistí liúntais de €1,358 san iomlán in 2023.

## 5.4 Foireann na Roinne de réir banda pá

| Banda pá | | Líon fostaithe | |
|---|---|---|---|
| Ó (€) | Go (€) | 2023 | 2022 |
| 20,000 | 59,999 | 372 | 409 |
| 60,000 | 69,999 | 66 | 52 |
| 70,000 | 79,999 | 63 | 68 |
| 80,000 | 89,999 | 49 | 54 |
| 90,000 | 99,999 | 36 | 34 |
| 100,000 | 109,999 | 18 | 22 |
| 110,000 | 119,999 | 10 | 9 |
| 120,000 | 129,999 | 2 | 4 |
| 130,000 | 139,999 | 2 | 2 |
| 140,000 | 149,999 | — | 1 |
| 150,000 | 159,999 | 1 | — |
| 160,000 | 169,999 | 2 | 1 |
| 170,000 | 179,999 | 3 | 2 |
| 180,000 | 189,999 | — | — |
| 190,000 | 199,999 | 1 | 1 |
| 200,000 | 229,999 | — | — |
| 230,000 | 239,999 | — | 1 |
| 240,000 | 249,999 | — | — |
| 250,000 | 259,999 | 1 | — |
| 260,000 | 289,999 | — | — |
| 290,000 | 299,999 | 1 | 1 |

## 5.5 Scaoilíocaíocht agus íocaíocht iomarcaíochta

I rith 2023, íocadh scaoilíocaíochtaí de €13,446 san iomlán le beirt bhall foirne ar cuireadh deireadh lena bhfostaíocht agus íocadh íocaíochtaí iomarcaíochta de €6,996 san iomlán.

## 5.6 Ró-íocaíochtaí párolla

| ag an 31 Nollaig | Líon na bhfaighteoirí | 2023 € | 2022 € |
|---|---|---|---|
| Ró-íocaíochtaí | 36 | 119,437 | 101,898 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 10 | 12,939 | 16,655 |

Aistríodh naoi bplean aisghabhála ró-íocaíochta i leith seisear ar luach €17,638 chuig sé roinn/oifig rialtais in 2023.

## 5.7 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Chuntasaíochta

Seo a leanas luach saothair agus sochair incháinithe an Oifigigh Chuntasaíochta don bhliain airgeadais.

| | 2023 €000 | 2022 €000 |
|---|---|---|
| Bunphá | 297 | 297 |

Níl luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse áirithe thuas. Is ball é an tOifigeach Cuntasaíochta deN Scéim Pinsin d'Iontrálaithe Nua Bunaithe Iar-2004 agus ní théann a theidlíochtaí ar shochair scoir thar théarmaí caighdeánacha na scéime sin.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

| Coimisiún cuspóra sheasta | Bliain an cheapacháin | Caiteachas carnach go deireadh 2023 | Caiteachas in 2023 | Caiteachas in 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| *Coimisiún Imscrúdúcháin (nithe áirithe a bhaineann le seirbhís míchumais san Oirdheisceart agus nithe gaolmhara)[a]* | *2017* | — | — | *775* |
| An Binse CervicalCheck | 2020 | 3,774 | 569 | 863 |
| | | **3,774** | **569** | **1,638** |

Nóta [a]Mar chuid den Aistriú feidhmeanna chuig an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige in 2023 aistríodh an dualgas maidir le fiosrúcháin do dhéanamh ar mhaoiniú agus caiteachas bliana iomlán a choimisiúnú chuig an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige. Tá an roinn seo freagrach anois as sainseirbhísí agus sainpholasiathe míchumais.

Bhunaigh an tAire Sláinte an Binse CervicalCheck an 27 Deireadh Fómhair 2020. Bunaíodh an Binse faoi alt 4 den Acht um Binse CervicalCheck 2019 a chuireann tuarascáil an Onóra i bhfeidhm. An Breitheamh Charles Meenan ar chóras *Malartach chun déileáil le héilimh a eascraíonn as CervicalCheck.* Cheap an tAire na comhaltaí ainmnithe ar an mBinse le héifeacht ón 1 Nollaig 2020 ag éascú don Bhinse tús a chur lena chuid oibre. Gearrtar caiteachas an Bhinse ar fhotheideal D freisin.

### 6.2 Cúiteamh agus costais dlí

**Íocaíochtaí/costais a d'íoc an Roinn sa bhliain**

| | Éilimh ag baill den phobal | Iomlán 2023 | Iomlán 2022 |
|---|---|---|---|
| Líon cásanna | 37 | 37 | 77 |
| | €000 | €000 | €000 |
| Costais dlí na Roinne féin | 2,121 | 2,121 | 2,390 |
| Íocaíochtaí ón Roinn/thar ceann na Roinne | | | |
| Cúiteamh | 15,588 | 15,588 | 883 |
| Costais dlí | 2,334 | 2,334 | 240 |
| Costais eile | 167 | 167 | 41 |
| **2023 Iomlán** | **20,210** | **20,210** | **3,554** |
| **2022 Iomlán** | **3,554** | **3,554** | |

| Costais charnacha a d'íoc an Roinn sa bhliain | Éilimh ag baill den phobal | Iomlán 2023 | Iomlán 2022 |
|---|---|---|---|
| Líon cásanna | 4 [a] | 4 | - |
| | €000 | €000 | €000 |
| Costais dlí na Roinne féin | — | — | — |
| Íocaíochtaí ón Roinn/thar ceann na Roinne | | | |
| Cúiteamh | — | — | — |
| Costais dlí | 45 | 45 | — |
| Costais eile | — | — | — |
| **Iomlán** | **45** | **45** | — |

Nóta a Dheimhnigh an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát don Roinn gur measadh ceithre chás a bheith dúnta in 2023.

## 6.3 Ciste Speisialta Infheistíochta Cnáimhseachais

In 2008, bhunaigh an tAire Sláinte Scéim Speisialta Slánaíochta Cnáimhseachais. Faoin scéim, d'aontaigh an tAire Ospidéal Bon Secours (Corcaigh) agus Ospidéal Achadh an Toir a shlánú maidir le héilimh shonraithe chnáimhseachais. Bunaíodh ciste le ranníocaíochtaí ón dá ospidéal, ón gCumann Cosanta Leighis agus ón Roinn Sláinte. Íocann an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát éilimh de réir mar a thagann siad chun cinn. Tá údarás tugtha ag an Aire Sláinte don Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát airgead a tharraingt anuas as an gciste chun costas na n-éileamh a chlúdach.

Ar 31 Nollaig 2023, b'ionann iarmhéid an chiste agus €4.437 milliún (2022: €4.934 milliún). Is í Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta a bhainistíonn an ciste agus léirítear an t-ioncam agus an caiteachas gaolmhar i ráitis airgeadais bhliantúla na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát.

## 6.4 Maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta

| | | 2023 | | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| | | Meastachán | Toradh | Toradh |
| **Focheann** | | **€000** | **€000** | **€000** |
| K.1 | Gníomhaireachtaí sláinte agus eagraíochtaí comhchosúla (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 4,513 | — | 4,513 |
| | | **4,513** | — | **4,513** |

## 6.5 Maoiniú ón AE

Tá caiteachas faoi fho-cheannteideal E.4 INTERREG Éire/Tuaisceart Éireann á chómhaoiniú ag an AE.

## 6.6 Íocaíochtaí úis déanacha agus íocaíochtaí cúitimh

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iomlán na n-íocaíochtaí úis a íocadh | 10 | 9 |

## 6.7 Nithe a díscríobhadh

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid cuntas ar fionraí [a] | — | 900 |

Nóta [a] Thug an Roinn faoi athbhreithniú ar roinnt iarmhéideanna cuntais fionraí, in 2022, agus aithníodh coigeartuithe cuntasaíochta, a rinneadh trí dhearmad, ar thrí chuntas. Níor aithin an Roinn aon tionchar ná caillteanas airgid don státchiste mar thoradh ar na hiontrálacha seo.

Rinneadh iarratas chun na hiarmhéideanna neamhchinnte a dhíscríobh, chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh agus Athchóiriú an Phlean Forbartha Náisiúnta chun na hiarmhéideanna ar an gCuntas Leithreasa a thabhairt ar aon dul leis na hionchais.

Rinneadh athbhreithniú ar nósanna imeachta maidir le gach cuntas ar fionraí ó 2022 amach agus níor ghá aon díscríobh den chineál seo in 2023.

## 6.8 Géilleadh iarchurtha

Is éard atá i gceist le géilleadh iarchurtha coigilteas €70 milliún i gcaiteachas caipitiúil in 2023 sna fo-mhírchinn seo a leanas a tugadh anonn go 2024.

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| M.2 Saoráidí sláinte a thógáil, a threalmhú agus a fhearastú | 70,000 | — |